# DUILLEOG

**Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Uimh.

Samhradh 2015



Comórtas Náisiúnta
Ghlór na nGael

Dearbhaíonn an teastas seo go bhfuair

Comharchumann Forbartha
Ghaoth Dobhair
Dún na nGall

1ú Duais
€5,000
Rannóg Gaeltachta
urraithe ag Údarás na Gaeltachta

2014

Pádraig Ó Ciardha
Cathaoirleach
Glór na nGael
25 Aibreán 2015



**Máire Mhic Niallais ó Chomharchumann Ghaoth Dobhair a fuair an chéad duais sa Rannóg Gaeltachta, €5,000 urraithe ag Údarás na Gaeltachta, lena hiníon Caitlín agus Anna Ní Bhroin, Glór na nGael.**

Bhí an bronnadh i gCaisleán Bhaile an Bharbaigh i gCo. Cill Dara ar an 25 Aibreán 2015. Ba é Stiofán Ó Cualáin, Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta a rinne an bronnadh.

Is iarbhuaiteoir an chomórtas náisiúnta é Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair i 2008 agus is annamh nach mbíonn siad i measc na mbuaiteoirí ó bhliain go bliain. Clúdaíonn obair an Chomharchumann seo go leor réimsí de chreatlach gnímh Ghlór na nGael.



Iomaitheoirí ó Scoil Cheoil na Crannóige a ghlac páirt i bhFleadh Cheoil na Contae i nGort a'Choirce, i mí Bealtaine

## Cuireann Aisteoirí Ghaoth Dobhair i láthair




# Dráma Grinn 3 Mhír

Le John B Keane

Léiríodh an drama seo do chead uair i gClubtheach C.L.G Ghaoth Dobhair ar an 17ú Aibreán

Páirteach ann bhí;

Seán Ó Maolagáin

Bernie Ní Dhuibhir

Colm Mac Giolla Easpaig

Seán Ó Gallchóir

Máire Uí Rabhartaigh

Suzanne Ní Ghallchóir

Eoghan Mac Giolla Bhríghde

Pól Mac Cumhaill














# Lá Fhéile Cholmcille 9 Meitheamh

Bhí Aifreann sa Chrannóg á cheiliúradh ag an Sagart Paróiste an tAthair Pádraig Ó Baoighill







Seoladh an dlúthdhiosca An Mhaighdean Mhara le Noeleen Ní Cholla i dTigh Hiudaí le Patsy Dan Mac Ruaidhrí Rí Thoraí. Seoladh é ag an Fhéile Pan Ceilteach i nDoire chomh maith. Comhaghairdeas leat a Noeleen.

# *An Féile Pan-Cheilteach 2015*









An Chrann Óg ag seinm ag an Fhéile agus le


Noeleen Ní Cholla agus Con Ó Conaill Stiúrthóir na Féile.

Comghairdeachas le Cathal Ó Curráin as an duais Fidléir na Bliana i gcomórtas Fidléirí na dtíortha Ceilteacha a bhaint amach.

Maith sibh uilig!







# An Chrannóg
# Seisiún Ceoil

## Gach Céadaoin
## i rith an tSamhraidh
## ón 8.30.i.n. - 10.00.i.n




Seo samplaí don obair ealaíona a rinne na scoláirí bunscoile don téama “Coinnigh Gaoth Dobhair Glan” a bhí á eagrú ag an Chomharchumann i mí Mheithimh ar mhaithe leis an chomórtas don Bhaile Slachtmhar.



